



The Ark

# Dráma Geimhriúil

le Mollie Molumby

Curtha i nGaeilge ag Gabriel Rosenstock

Arna choimisiúnú ag The Ark le haghaidh  
*The Show Must Go On!*

Ar Mhol After School RTÉ

30 Samhain – 4 Nollaig 2020

@ 3.20pm ar RTÉ2



## Conas tá tú!

Seo an script don dráma *Dráma Geimhriúil*.

Is féidir an dráma seo a dhéanamh sa bhaile, ar scoil, lasmuigh, nó fiú ar líne i bhfísghlao le do theaghlach.

### LEID:

má athraíonn tú do hata nó baill éadaigh, cuirfidh sé athrú carachtair in iúl don lucht féachana

Ocht gcarachtar atá sa dráma: **An Reacaire, An Méara, An Cléireach, An Gúnadóir, An Cearpantóir, Alex, Hurler** agus **Caoilinn**. Is féidir an dráma a dhéanamh le haon líon aisteoirí is maith leat. Is féidir na carachtair a roinnt cibé slí is maith leat.

D'fhéadfán an seó seo a dhéanamh le do mhadra, nó i d'aonar.

Nuair a fheiceann tú rud éigin mar seo, insítear duit cén carachtar atá ag caint:

### SCÉALAÍ:

Nuair a fheiceann tú rud éigin i gcló lodálach mar seo, is treoir stáitse é:

*Cruthaíonn siad stoirm gheimhriúil.*

Ní gá na treoracha stáitse a léamh os ard.  
Cuir i bhfeidhm iad.

Tá saoirse iomlán agat chun carachtair nua a chur leis, na línte a athrú, nó fiú amhrán a chur leis! An rud is tábhachtaí ná SPRAOI A BHEITH AGAT.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as *Dráma Geimhriúil!*

Mollie

**SCÉALAÍ:** Traidisiún mór  
I gcaitheamh na mblian:  
Dráma geimhriúil  
A bhaineann dinn an cian.

Tagann na cliaraithe  
Ó chian is ó chongar  
Is iad a bhíonn meidhreach  
Is is iad a bhíonn brónach.

**MÉARA** (ag cuimilt na ndeor dá leiceann):

Conas a dhéanann siad é  
N'fheadar sa diabhal!  
Na cultacha . . . an script  
Nach iontach iad, dar fia!

**SCÉALAÍ:** I mbliana, áfach, ó mo chreach  
Tháinig stoirm, ó mo léan;  
An oíche roimh an dráma mór  
Shéid an stoirm, shéid is shéid.

*Cruthaíonn siad stoirm gheimhriúil.*

**SCÉALAÍ:** Shéid an stoirm, shéid go tréan  
Shéid gan taise gan trua  
Leagadh cairt na n-aisteoirí –  
Ó, a Mhuire is trua.

*Síothlaíonn an stoirm*

*Halla an Bhaile. An mhaidin dár gcionn.*

**CLÉIREACH:** Cnag, cnag.

**MÉARA:** Isteach leat! Avanti! Herein. Entré!  
Sin Gaeilge, Iodáilis, Gearmáinis is . . . Francais!

*Tagann an Cléireach isteach. Síneann litir chuig an Méara. Léann an Méara an litir.*

**MÉARA:** 'A Mhéara uasail,  
Beatha agus Sláinte!  
Tá a fhios agat cad deirtear:  
Is fearr an tsláinte ná na táinte!

A Mhéara Uasail  
Is oth linn a rá,  
Nach mbeimid chugaibh i mbliana ...  
Míneoidh mé dhuit cén fáth:

Leagadh ár gcairt  
Sa stoirm aréir  
Tá an drama ar ceal ...  
Faraor géar.'

An dráma ar ceal?  
Mo chreach is mo chás.  
Baile gan dráma?  
Níos measa ná an bás.

**CLÉIREACH:** Pardún, a Mhéara  
Ga-ga- gabh mo leithscéal  
Cad faoi dhráma beag a dhéanamh –  
Ár ndráma beag féin?

**MÉARA:** Ár ndráma beag féin?  
Is maith liom é mar smaoineamh!  
Beidh an pobal ag gáire  
Is beidh siad ag caoineadh!

*Timpeall an bhaile leis an Méara agus fógraí éagsúla aige.-*

**MÉARA:** Ár ndráma beag féin!  
Aisteoirí ag teastáil

Cabhraígí linn, a chairde,  
Tagaigí go dtí an Hall.

*Ar ais i Halla an Bhaile. Tagann bean na gcultacha isteach.*

**MAINTÍN:** Cnag, cnag.

**MÉARA:** Isteach leat! Avanti! Herein. Entré!  
Sin Gaeilge, Iodáilis, Gearmáinis is . . . Francais!

**MAINTÍN:** Is mise an maintín  
An gúnadóir is fearr in Éirinn  
Déanfaidh mise na cultacha  
Do na haisteoirí go léir duit.

**MÉARA:** Go hiontach ar fad! Ar fheabhas! Thar  
barr amach is amach!

*Exit Maintín. Isteach leis an Siúinéir agus peata.*

**SIÚINÉIR:** Cnag, cnag.

**MÉARA:** Isteach leat! Avanti! Herein. Entré!  
Sin Gaeilge, Iodáilis, Gearmáinis is . . . Francais!

**SIÚINÉIR:** Is mise an siúinéir.  
Seo mo pheata dílis grámhar.  
Déanfaidh mise an seit duit,  
Beidh sé thar barr, Sir.

**MÉARA:** Go hiontach ar fad! Ar fheabhas! Thar  
barr amach is amach!

*Exit Siúinéir. Tagann Alex isteach.*

**MÉARA:** Isteach leat! Avanti! Herein. Entré!  
Sin Gaeilge, Iodáilis, Gearmáinis is . . . Francais!

**ALEX:** Is mise Alex, a Mhéara,  
Amhránaí, leis an ngrúpa SÉIMH:  
Má tá ceol uait, a dhuine uasail,  
Bhuel, táimidne réidh!

**MÉARA:** Go hiontach! Ar fheabhas! Thar barr  
amach is amach!

*Exit Alex. Isteach leis an Iománaí.*

**IOMÁNAÍ:** Cnag, cnag.

**MÉARA:** Isteach leat! Avanti! Herein. Entré!  
Sin Gaeilge, Iodáilis, Gearmáinis is . . . Francais!

**IOMÁNAÍ:** Iománaí mise  
Iománaí ar an gcláí  
Ba bhreá liom bheith  
Ar dhuine de na hais-teoir-ííí!

**MÉARA:** Go hiontach! Ar fheabhas! Thar barr amach is amach!  
Cad faoi na hiománaithe eile? Ar mhaith leis an  
bhfoireann ar fad a bheith páirteach sa dráma?

**IOMÁNAÍ:** Ba mhór an onóir dóibh é.

*Exit Iománaí.*

**MÉARA:** Ba bhreá liom dráma a scríobh  
Dráma faoin gCailleach Bhéara  
Ach ní drámadóir mé . . .  
Níl ionam ach Méara.

*Isteach le Caoileann, script aici.*

**CAOILEANN:** Cnag, cnag?

**MÉARA:** Isteach leat! Avanti! Herein. Entré!  
Sin Gaeilge, Iodáilis, Gearmáinis is . . . Francais!

**CAOILEANN:** Bail ó Dhia ort, is mise Caoileann  
Tá mé seacht mbliana d'aois,  
Scríobh mé dráma beag  
Agus é suite i bhforaois.

*Tugann Caoileann an script don Mhéara*

**MÉARA:** Go hiontach! Ar fheabhas! Thar barr amach is amach!

*Isteach leis an bhfoireann go léir.*

**SCÉALAÍ:** Tá gach éinne ag obair le chéile  
Chun an dráma a chur ar stáitse  
Níl mórán ama acu, is fíor  
Ach tá misneach acu – is coráiste.

Tá an lucht éisteachta ar fad ina suí  
Agus tá na haisteoirí go léir réidh  
Tá ceol ag teacht ón ngrúpa –  
Grúpa iontach ar a dtugtar SÉIMH

Tá geitimíní is sceitimíní  
Ar gach éinne – is iad ar bís:  
Arsa an Méara, 'Is fearr an amharclann  
Míle uair ná an teilifís!'

Smaoineoidh siad ar an dráma sin  
Choíche is go deo  
An dráma is fearr dá bhfaca siad  
Riamh lena mbeo.

**OMNES:** Huré!

*A Chríoch.*

## The Ark

11a Sráid Eustace  
Barra an Teampaill  
Baile Átha Cliath 2  
ark.ie | 01 670 7788



@TheArkDublin

Faigheann The Ark tacaíocht ó



An Roinn Oideachais  
agus Scileanna  
Department of  
Education and Skills



Comhairle Cathrach  
Bhaile Átha Cliath  
Dublin City Council